FETAC

Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna
Further Education and Training Awards Council

Treoirlínte maidir le húsáid lógó FETAC

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta
Athrú Mór ar Éirinn

Cláir Chistí Struchtúracha AE na hÉireann 2007-2013
Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach

ISO 9001:2000 SGS

www.fetac.ie

Treoirlínte maidir le húsáid lógó FETAC

NÓTA: Cuireadh lógó FETAC in oiriúint do riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

An cúlra leis an Lógó

Ní mór don uile eagraíocht íomhá aontaithe a chur i láthair a chuireann a aidhm agus a mhisean in iúl. Bealach amháin chun sin a dhéanamh ná féiniúlacht agus lógó corparáideach a fhorbairt.

Is as bloic i bhfoirm na litreacha FET i gcló Iodálach atá lógó FETAC tógtha, a chuireann in iúl an smaointeoireacht chun cinn agus an forchéimniú trí fhoghlaim agus oiliúint is sainchomharthaí don earnáil seo agus dá fhoghlaimeoirí. Iarracht ar chuimsitheacht a léiriú is ea na cruthanna cuaracha, ó is é sin príomhaidhm FETAC. Tá na bloic leagtha amach i struchtúr ag dul in airde chun leibhéil an chreatoibre nua cáilíochtaí a léiriú. Léiriú ar cháilíocht is ea na dathanna ór agus glas ar an lógó agus ar cháil FETAC mar chomhlacht náisiúnta dámhachtana. Cuireann an cló Iodálach gluaiseacht in iúl agus leanann ar aghaidh an forchéimniú atá i gceist sna bloic thógála.

Éagsúlachtaí ar an Lógó

Tá lógó FETAC ar fáil i liathscála agus i leagan dathach, i leaganacha tírdhreacha agus portráide, agus i leaganacha éagsúla ionas gur féidir é a atáirgeadh ar chúlraí dorcha, geal, dubh agus bán agus mono.

Is féidir an lógó a íoslódáil ó **www.fetac.ie/promotion/logos.htm**

Cúlraí dorcha

Tá eochairlíne bán ag an lógó seo mar aon le téacs bán. Is fearr é ar chúlraí dorcha chun bheith cinnte go mbeidh sé inléite go soiléir.

Cúlraí geala

Tá eochairlíne bán ag an lógó seo mar aon le téacs daite. Is fearr é ar chúlraí geala chun a bheith cinnte go mbeidh sé inléite go soiléir.

Dubh agus Bán

Is fearr an lógó dubh agus bán seo a úsáid ar ábhar ar bith a atáirgtear i ndubh agus bán.

Aondathach

Lógó dubh amháin é seo. Níor cheart é a úsáid ach nuair a bhíonn ábhar á atáirgeadh i ndubh amháin, mar shampla, facs nófótachóipeáil.

Conas an lógó a úsáid

Níor cheart don lógó a bheith níos lú ná 32mm ar airde, ó bhun go barr sa leagan portráide agus 17mm ar airde, ó bhun go barr sa leagan tírdhreacha. I bhfocail eile, níor cheart an lógó a laghdú chomh mór sin nach féidir an mionchló a léamh. **Níor cheart an lógó a úsáid riamh gan an t-ainm FETAC.**

Caithfear spás arb ionann é agus leath an íocóin a fhágáil ar gach taobh den lógó. Níor cheart aon chló nó pictiúr a chur sa spás seo. I gcás go mbeidh roinnt lógónna difriúla le hais a cheile, níor cheart go mbeadh lógó FETAC níos lú ná aon cheann díobh.

Tagairtí Datha an Lógó

Luachann datha próisis (CMYK):

Glas	C:100 / M: 0 / Y: 69 / K: 30
Ór	Pantone 871 Cumhdaithe Má bhíonn Ór sa CMYK, is iad na luachanna: C: 20 / M: 35 / Y: 50 / K: 10
Liath	C: 0 / M: 0 / Y: 0 / K: 65
Béasa	C: 7 / M: 12 / Y: 22.5 / K: 0

Luachanna Datha Pantone

Glas
Pantone
341C

Ór
Pantone
871C

Liath
Pantone
424C

Béasa
Pantone
Pastel
9221C

An tslí ag Soláthraithe Cláraithe le FETAC a chur chun cinn

Iarrtar ar Sholáthraithe Cláraithe, áit is féidir, dámhachtainí FETAC a chur chun cinn; cabhraíonn sin chun aitheantas níos forleithne a fháil do na dámhachtainí agus tacaíonn le hiarrachtaí FETAC féin na dámhachtainí a chur cinn. Seo a leanas roinnt slite inar féidir dámhachtainí FETAC a chur chun cinn:

- Bain úsáid as lógo FETAC i litríocht fhógraíochta nuair a bhíonn tagairt á déanamh agat do chúrsaí creidiúnaithe FETAC. **Ós rud é nach "marc cáilíochta" é lógó FETAC, níor cheart an lógó a úsáid ar chinn litreach nó ar aon ábhar eile nuair nach mbaineann na t-eolas a thugtar go sonrach le cláir chreidiúnaithe FETAC.** Má tá aon amhras ort, iarr comhairle ó **information@fetac.ie**

  Nuair a bhíonn lógó FETAC á chur ar láithreán Gréasáin comhlachta nó ar ábhair chlóite in áit ghinearálta (nuair nach bhfuil tagairt á déanamh do chúrsaí creidiúnaithe de chuid FETAC), féach, le do thoil, go bhfuil téacs le hais an lógó a deir: **"Soláthraí Cláraithe de chuid FETAC is ea ainm an chomhlachta".** Seo an gaol ceart ar chóir a léiriú idir d'ionad agus FETAC agus ba cheart é a dhearbhú nuair is cuí, chun nach mbeidh aon dul amú ar fhoghlaimeoirí.

- Taispeáin an focal FETAC i gcinnlitreacha i gcónaí.

- Taispeáin do Chomhaontú Dearbhú Cáilíochta FETAC go feiceálach i d'ionad.

- Eagraigh searmanas dámhachtainí chun teastais a bhronnadh go hoifigiúil. Bíonn foirm iarratais ag iarraidh ar ionadaí de chuid FETAC a bheith i láthair in éineacht le gach teastas a chuirtear chuig soláthraithe cláraithe.

- Agus do chláir á bhfógairt agat, déan tagairt do chreidiúnú FETAC agus cuir isteach lógó FETAC más féidir.

Conas na teidil chearta a chur ar chláir agus ar dhámhachtainí FETAC
Bíonn ar sholáthraithe cláraithe a chinntiú go mbíonn teideal gach clár dá gcuid ar aon dul le hainm, leibhéal agus cineál na dámhachtana a bhronnfar ar fhoghlaimeoirí ar chríoch an chláir sin dóibh.

Bronnann FETAC cineálacha éagsúla dámhachtainí lena n-áirítear mórdhámhachtainí, dámhachtainí sainchuspóireach agus miondhámhachtainí. Tá sé tábhachtach go mbeadh teidil na gclár agus an t-eolas le haghaidh foghlaimeoirí soiléir agus sothuigthe maidir leis an dámhachtain a bhronnfar ar chríoch an chláir.

Ní leor an focal 'teastas' amháin a úsáid chun cur síos ar gach dámhachtain nó leibhéal FETAC. Ba cheart cineál agus leibhéal na dámhachtana a léiriú sa teideal:

Mar shampla:
Mórdhámhachtain – **Teastas Leibhéal 5 FETAC i Staidéar Gnó**
Dámhachtain Sainchuspóireach – **Teastas Sainchuspóireach Leibhéal 6 FETAC i dTeagasc Tiomána**
Miondhámhachtain – **Teastas Comhpháirte FETAC i bPróiseáil Focal Leibhéal 5**

I gcás nach ionann teideal an chláir agus teideal na dámhachtana níor mhiste aire a dhíriú air sin. Seachnaíonn sé sin aon mhearbhall nó díomá nuair a fhaigheann an foghlaimeoir an teastas agus taispeánann go soiléir don fhoghlaimeoir agus do pháirtithe leasmhara eile gur baineadh amach dámhachtain.

Mar shampla:
Cúrsa Rúnaí Dochtúra as a mbronnfar – **Teastas Leibhéal 5 FETAC i Staidéar Gnó**
Cúrsa Sláinte agus Sábháilteachta as a mbronnfar – **Teastas Comhpháirte FETAC Leibhéal 5 i Sábháileacht, Sláinte agus Leas ag an Obair.**